# Soláthar Seirbhísí Seomra Tae ag Garraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mhochura, Co. Chill Mhantáin



Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag lorg Tairiscintí chun Seirbhísí Seomra Tae a chur ar fáil i nGarraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mhochura.

Tá Garraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mhochura neadaithe i gContae Chill Mhantáin, contae gairdíní na hÉireann, nach dtógann ach uair an chloig sa charr as Baile Átha Cliath. Seoladh: Cill Bhríde, Co. Chill Mhantáin, A67YR12. Tá an-cháil ar Gharraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mhochura mar gheall ar na seanchrainn róslabhrais arda a fhásann ann agus is iontach an radharc iad nuair a bhíonn siad faoi bhláth san earrach, is iontach an radharc an áit freisin sa samhradh nuair a bhíonn an móinéir bláthanna fiáine álainn faoi bhláth. Tá na ciumhsóga bláthanna dúbailte a cuireadh le linn réim Victoria ar cheann de bhuaicphointí shéasúr an tsamhraidh.

Rinneadh na gairdíní i gCill Mhochura a fhorbairt le linn ré órga an bhailithe plandaí, tréimhse inar tugadh faoi thaiscéalaíochtaí iontacha luibheolaíochta agus tíreolaíochta, agus b'iomaí speiceas plandaí ar fud na cruinne a tugadh go hÉirinn den chéad uair riamh le linn an ama sin. D'éirigh le go leor de na speicis seo fás i gCill Mhochura mar gheall go bhfuil an chré agus na dálaí aeráide ann éagsúil, speicis nár éirigh rómhaith leo nó ar theip uilig orthu i gceantair eile sa tír.

Tá an bailiúchán staire seo curtha ar ais mar a bhí an lá ab fhearr é agus plandaí nua curtha lena chois sin, plandaí a tugadh anseo ó áiteanna i bhfad i gcéin, amhail an tSile, an tSín, an Tibéid agus an Tasmáin fad a cruthaíodh tearmann do phlandaí, fiadhúlra agus bithéagsúlacht dúchasach.

Táthar ag súil tús a chur le hobair athchóirithe ar Theach Chill Mhochura sa bhliain 2024 agus, chomh maith leis an ngarraí daingean agus an Fhialann a fháil le déanaí, tá sé i gceist ag Oifig na nOibreacha Poiblí croílár an eastáit a athchóiriú sna blianta amach romhainn.

Cuirtear fáilte roimh 140,000 cuairteoir chuig Garraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mhochura gach bliain. Is as Éirinn formhór na gcuairteoirí agus is as an gceantar go leor díobh. Filleann roinnt cuairteoirí gach lá nó gach seachtain le haghaidh siúlóidí rialta. Tagann an dara líon cuairteoirí is mó ón mBreatain Mhór, ón Eoraip agus ón Astráil. Díograiseoirí garraíodóireachta iad seo de ghnáth ach meallann suíomh tuaithe na ngairdíní daoine freisin.

Bíonn cuairteoirí idirnáisiúnta ann níos minice i rith mhíonna an tsamhraidh (Meitheamh-Lúnasa). Is í an tréimhse seo, i gcomhthráth le laethanta saoire scoile na hÉireann, an t-am is gnóthaí den bhliain do na gairdíní, go háirithe ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.  Ó tharla go n-athraíonn próifíl na gcuairteoirí go séasúrach, ba cheart d'fhothairgeoirí a thabhairt faoi deara gur chóir biachláir agus straitéisí ceannaigh a chur in oiriúint chun freastal ar na cuairteoirí ó cheann ceann na bliana.

Tá Garraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mhochura ar cheann de shuíomhanna díol spéise Shean-Oirthear na hÉireann agus Visit Wicklow.  Leanann na gairdíní de líon suntasach cuairteoirí a mhealladh gach aon bhliain mar thoradh ar an bhforbairt leanúnach a dhéantar ar imeachtaí speisialtachta ar an suíomh.

Tá an Terraced Café suite le taobh an phríomhcharrchlóis, áit iontach le go mbeidh cuairteoirí ábalta sult a bhaint as sólaistí sula dtéann siad ag siúl trínár ngairdíní dochreidte nó ina dhiaidh.

Bíonn Garraithe Náisiúnta na Lus, Cill Mhochura ar oscailt ó cheann ceann na bliana, seachas Lá Nollag. Tá cead isteach saor in aisce

**Uaireanta Oscailte an tSamhraidh**

Lár Mhí Feabhra - Deireadh Fómhair 9.00 -17.00

**Uaireanta Oscailte an Gheimhridh**

Mí na Samhna go Lár mhí Feabhra 9.00 – 16.30

Ionad Eolas do Chuairteoirí - oscailte ó cheann ceann na bliana, le taobh an chaifé.

Bheití a súil go gcuirfeadh an lamháltóir tairiscint láidir caife, deochanna te agus bonnóga/scónaí/milseoga ar fáil.

I gcás cuairteoirí idirnáisiúnta le linn shéasúr gnóthach an tsamhraidh, is fearr biachláir a dhíríonn ar bhia traidisiúnta úr-ullmhaithe na hÉireann. Mar gheall ar an líon cuairteoirí a théann leis na gairdíní a fheiceáil, ba cheart machnamh a dhéanamh ar úsáid bia orgánach, a tháirgtear go háitiúil.

I gcás cuairteoirí baile agus custaiméirí lár an tsamhraidh, ba cheart smaoineamh ar bhiachlár do leanaí, tairiscintí, scéimeanna dílseachta, agus béilí níos lú. Mar gheall ar an réimse imeachtaí do leanaí, tá tábhacht le tairiscint láidir do theaghlaigh.

## Más spéis leat an deis seo, tugann Oifig na nOibreacha Poiblí cuireadh duit tairiscint a dhéanamh. **Tá sonraí iomlána an Iarratais ar Thairiscintí ar fáil ar eTenders ag**

**www.etenders.gov.ie Uimhir Aitheantais Tairisceana 3417344. 12:00 meán lae an 29/05/24 an dáta deiridh le haghaidh tairiscintí.**